Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**11763/21**
**ADD 5**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0295(COD)**

**EF 268**
**ECOFIN 838**
**CODEC 1210**
**SURE 32**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Meán Fómhair 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 261 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis na doiciméid Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/138/CE maidir le comhréireacht, cáilíocht na maoirseachta, tuairisciú, bearta ráthaíochta fadtéarmaí, uirlisí macrastuamachta, maoirseacht ghrúpa agus trasteorann agus Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat maidir le téarnamh agus réiteach gnóthas árachais agus athárachais agus lena leasaítear Treoir 2002/47/CE, Treoir 2004/25/CE, Treoir 2009/138/CE, Treoir (AE) 2017/1132, Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 261 final.

---

Faoi iamh: SWD(2021) 261 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.9.2021
SWD(2021) 261 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis na doiciméid***

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/138/CE maidir le comhréireacht, cáilíocht na maoirseachta, tuairisciú, bearta ráthaíochta fadtéarmaí, uirlisí macrastuamachta, maoirseacht ghrúpa agus trasteorann**

**agus Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat maidir le téarnamh agus réiteach gnóthas árachais agus athárachais agus lena leasaítear Treoir 2002/47/CE, Treoir 2004/25/CE, Treoir 2009/138/CE, Treoir (AE) 2017/1132, Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012**

{COM(2021) 581 final} - {SEC(2021) 620 final} - {SWD(2021) 260 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar an Togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú, (Sócmhainneacht II) |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| Leis an Treoir Sócmhainneacht II, a bhfuil feidhm aici ó 2016 i leith, tugadh isteach creat stuamachta comhchuibhithe fónta láidir le haghaidh gnólachtaí árachais san Aontas. Bunaítear an creat ar phróifíl riosca gach cuideachta árachais aonair chun inchomparáideacht, trédhearcacht agus iomaíochas a chur chun cinn.<br>Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go bhfeidhmíonn creat Shócmhainneacht II go héifeachtach ar an iomlán, ach gur gá gnéithe áirithe de a fheabhsú.<br>1. Áirítear fós i Sócmhainneacht II dídhreasuithe ar infheistíocht fhadtéarmach i gcothromas, agus ní chuimsítear ann na rioscaí inbhuanaitheachta níos fadtéarmaí;<br>2. Ní léirítear go hiomchuí le Sócmhainneacht II an timpeallacht rátaí úis ísle, agus d'fhéadfadh sé luaineacht ard a ghiniúint go míchuí i gcóimheasa sócmhainneachta;<br>3. Uaireanta bíonn Sócmhainneacht II róchasta d'árachóirí beaga agus d'árachóirí lena mbaineann níos lú riosca;<br>4. léirigh teipeanna árachóirí le déanaí, árachóirí a bhí ag feidhmiú thar theorainneacha go raibh easnaimh sa mhaoirseacht agus tuigeadh de dhroim na dteipeanna sin nach dtugtar cosaint chomhsheasmhach do shealbhóirí polasaithe ar fud an Aontais má theipeann ar a n-árachóir;<br>5. d'fhéadfadh sé nach leor an tsraith uirlisí maoirseachta chun rioscaí sistéamacha a chosc. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Agus na fadhbanna thuasluaite á gcur san áireamh, is é is aidhm don athbhreithniú ar Shócmhainneacht II tuilleadh a dhéanamh chun cuspóirí tosaigh an Choimisiúin maidir le Sócmhainneacht II a bhaint amach, eadhon:<br>1. ranníocaíochtaí na n-árachóirí le maoiniú inbhuanaithe fadtéarmach an gheilleagair a mhéadú;<br>2. iomaíochas idirnáisiúnta árachóirí an Aontais a chaomhnú agus a n-éifeachtúlacht a fheabhsú;<br>3. feabhas a chur ar an gcosaint do shealbhóirí polasaithe;<br>4. rannchuidiú le cobhsaíocht airgeadais. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Leis an athbhreithniú, leasófar reachtaíocht an Aontais, reachtaíocht atá ann cheana, agus tabharfar isteach gnéithe nua, go háirithe maidir le rioscaí comhshaoil, réiteach, uirlisí macrastuamachta agus, b'fhéidir, scéimeanna ráthaithe árachais (IGSanna). Tá údar leis na leasuithe sin ós gnó trasteorann é an gnó árachais. Dá fheabhas é d'árachóirí a bheith faoi réir creataí náisiúnta éagsúla is ea is éifeachtúla dóibh a bheith faoi réir sraith aonair rialacha. Ar an gcaoi chéanna, is le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais amháin is féidir a áirithiú go gcaithfear go cothrom le gach tomhaltóir. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** |
| An cás bunlíne le haghaidh na bhfadhbanna uile ná 'gan aon rud a dhéanamh'.<br>Maidir le hinfheistíochtaí glasa agus fadtéarmacha, is iad na roghanna tosaíochta infheistíochtaí fadtéarmacha i gcothromas a éascú trí na critéir incháilitheachta le haghaidh láimhseáil fhabhrach infheistíochtaí den sórt sin a bhogadh, agus na ceanglais bainistithe riosca le haghaidh rioscaí aeráide agus inbhuanaitheachta a neartú. Áirítear ar na roghanna eile a measadh laghdú ginearálta a dhéanamh ar cheanglais chaipitil i gcás gach infheistíocht chothromais agus/nó na ceanglais chaipitil le haghaidh infheistíochtaí glasa a laghdú.<br>Maidir le híogaireacht riosca agus luaineacht, ba í an chéad rogha gach fabht theicniúil a shocrú. Mar sin féin, is é rogha na tosaíochta gabháil ar aghaidh i dtreo na réiteach sin agus a áirithiú go mbeidh tionchar carnach na n-athruithe uile measartha ó thaobh riachtanais chaipitil de.<br>Maidir le comhréireacht, cur chuige amháin is ea comhairle an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) a leanúint; ciallaíonn sé sin méaduithe an-suntasach ar thairseacha eisiaimh ó raon feidhme Shócmhainneacht II agus maidir le hárachóirí 'próifíle ísealriosca' a shainaithint, rud a bheadh faoi réir bearta comhréireachta uathoibríocha. Is é cur chuige na tosaíochta gabháil ar aghaidh le méadú níos ísle ar na tairseacha eisiaimh, ach a ghabháil níos faide ná ÚEÁPC i bhfeabhsú na comhréireachta laistigh de Shócmhainneacht II, agus nochtadh poiblí san áireamh leis sin.<br>Maidir le cáilíocht na maoirseachta agus cosaint na sealbhóirí polasaí, is é an rogha atá ann feabhas a chur de réir a chéile ar cháilíocht na maoirseachta trasteorann agus rialacha comhchuibhithe íosta a thabhairt isteach arb é is aidhm dóibh a áirithiú go dtugtar cosaint leordhóthanach do shealbhóirí polasaithe i gcásanna ina dteipeann ar árachas nó ina mbíonn sé i mbéal teipthe.<br>Maidir le cobhsaíocht airgeadais, cé go mbeartaíonn ÚEÁPC agus an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) creat |

cuimsitheach macrastuamachta a thabhairt isteach, cosúil lena bhfuil ann san earnáil bhaincéireachta, is é an rogha thosaíochta leasuithe spriocdhírithe a dhéanamh lena áirithiú go mbeidh uirlisí leordhóthanacha ag maoirseoirí chun rioscaí cobhsaíochta airgeadais a chosc, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta.

Is é an teaglaim seo de roghanna tosaíochta an teaglaim is cost-éifeachtaí, agus tá sé comhsheasmhach le príomhchuspóirí Shócmhainneacht II (cosaint do shealbhóirí polasaithe, cobhsaíocht airgeadais) agus leis na tosaíochtaí polaitiúla reatha (CMU, an Comhaontú Glas don Eoraip).

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Ní hionann an tacaíocht a thugann páirtithe leasmhara do na saincheisteanna éagsúla.

I measc na roghanna atá beartaithe, thacódh formhór na bpáirtithe leasmhara leis an mbealach chun cinn atá beartaithe maidir le *maoiniú fadtéarmach agus glas*, agus maidir le h*íogaireacht riosca agus luaineacht*.

Maidir le *comhréireacht*, thacódh sealbhóirí polasaithe leis an rogha thosaíochta. Tacaíonn na hárachóirí a bhainfeadh tairbhe as na bearta comhréireachta leis an gcur chuige atá beartaithe i gcoitinne, cé go measann siad go mb’fhearr é dá mbeadh scóip níos mó ann árachóirí a eisiamh ó Shócmhainneacht II ná mar atá ann leis an gcur chuige seo.

Thacódh tomhaltóirí/eagraíochtaí neamhrialtasacha leis an rogha thosaíochta maidir le *cáilíocht na maoirseachta agus cosaint do shealbhóirí polasaí*, agus is mór an stór a chuirfidís sa ghá cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú. B’fhearr le hárachóirí nach mbeadh ach athruithe teoranta sa dá réimse sin.

**C. Tionchar na rogha tosaíochta**

**Cad iad tairbhí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?**

Meastar toradh na teaglama de roghanna tosaíochta a bheith mar seo a leanas:

- cumas na n-árachóirí chun gnólachtaí a mhaoiniú, é sin a éascú;
- árachóirí a dhreasú chun rioscaí inbhuanaitheachta a chur san áireamh ar bhealach níos fearr;
- fadtéarmachas i ngníomhaíochtaí na n-árachóirí a chothú, trí thionchar luaineacht an mhargaidh a mhaolú ar bhealach níos fearr;
- cosaint do shealbhóirí polasaí a fheabhsú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
    i. an timpeallacht íseal-toraidh a ionchorprú ar bhealach níos fearr;
    ii. comhordú agus comhsheasmhacht na maoirseachta a neartú;
    iii. rialacha comhchuibhithe íosta a thabhairt isteach chun tionchar teipeanna ar árachas nó cásanna ina mbíonn árachas i mbéal teipthe a mhaolú.
- cuidiú le cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú.

Bheadh méadú suas le EUR 30 billiún ar mhéid na gcistí dílse os cionn na gceanglas caipitil mar thoradh ar an tionscnamh, ag brath ar dhálaí an mhargaidh. Ar an ábhar nach ndéanfaí na hathruithe lena laghdófaí cóimheasa sócmhainneachta na n-árachóirí a chur chun feidhme ach de réir a chéile thar roinnt blianta, scaoilfí leis an tionscnamh sa ghearrthéarma suas le EUR 90 billiún de chaipiteal a bhféadfadh árachóirí é a úsáid chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Laghdódh roinnt athruithe aonair, ina n-aonair, go háirithe maidir le rátaí úis, acmhainní caipitil na n-árachóirí féin. Mar atá luaite thuas, áfach, is é an éifeacht a bheadh ag na hathruithe go léir de réir a chéile méadú ar chistí dílse na n-árachóirí go leibhéal os cionn na gceanglas caipitil.

Thart ar EUR-21 billiún a bheadh sa chostas chun scéimeanna ráthaithe árachais (IGSanna) a thabhairt isteach, costas a chuirfí ar aghaidh i bpáirt chuig sealbhóirí polasaithe trí phréimheanna méadaithe.

Is é an toradh a bheadh ar an athbhreithniú ualaí measartha cur chun feidhme agus riaracháin.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

D’fhéadfadh an t-athbhreithniú cur i bhfeidhm éigeantach Shócmhainneacht II a tharscaoileadh i gcás suas le 186 árachóir. Ina theannta sin, bhainfeadh ar a laghad 249 n-árachóir a d’fhanfadh faoi raon feidhme Shócmhainneacht II tairbhe as rialacha níos simplí agus níos comhréirí, rud a laghdódh a gcostais chomhlíontachta. Ina theannta sin, d’éascódh an t-athbhreithniú cistiú caipitil na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna).

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Ní imreofar

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Ní bheidh

**D. Iarobair**

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Beidh an reachtaíocht faoi réir ag meastóireacht iomlán 5 bliana tar éis spriocdháta a cur chun feidhme d’fhonn measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí agus a éifeachtúla a bhí sí maidir le cuspóirí arna gcur i láthair sa tuarascáil seo a bhaint amach agus chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil gá le bearta nó leasuithe nua.